

Fear an Phoist



Tháinig fear an phoist go dtí an teach. Tháinig sé i veain. Bhí éide dhubh air. Bhí caipín píce ar a cheann. Bhí cárta breithe aige do Nóra. Bhí litreacha aige do Dhaidí. Bhí beart aige do Mhamáí. Nuair a bhí sé ag siúl ar ais go dtí an veain rith Spota ina dhiaidh. Léim fear an phoist isteach sa veain agus d'imigh sé. Bhí eagla air roimh Spota.

Foclóir:

éide, uniform cárta breithe, birthday card
caipín píce, peaked cap beart, parcel

A. Líon isteach na bearnaí:

ve—in, éi—e dhubh, cai—in, cá—ta breithe, lit—eacha, be—rt, ea—la.

B. Scríobh amach an freagra ceart:

1. Cé a tháinig ar maidin?
— an sagart.
— an garda.
— fear an phoist.
2. Cad a bhí ar a cheann?
— mála.
— caipín píce.
— litreacha.

3. Cé a rith ina dhiaidh?
— Mamaí.
— Daidí.
— Spota.

C. Líon isteach na bearnaí:

1. Tháinig sé i v—.
2. Bhí cárta b— aige do Nóra.
3. Bhí l— aige do Dhaidí.
4. Bhí beart — do Mhamáí.
5. Léim sé — sa veain.
6. Bhí eagla — roimh Spota.

D. Freagair na ceistanna:

1. Cathain a tháinig fear an phoist?
2. Conas a tháinig sé?
3. Cén dath a bhí ar a éide?
4. Cad a bhí aige do Dhaidí?
5. Céard a rinne sé nuair a rith Spota ina dhiaidh?

Gramadach 7

(i) Líon isteach na bearnaí:

Sampla: Chonaic sé an tarbh. Bhí eagla air roimh an tarbh.

1. Chonaic mé an tarbh. Bhí eagla — roimh an tarbh.
2. Chonaic Tomás agus Liam an tarbh. Bhí eagla — roimh an tarbh.
3. Chonaic tú an tarbh. Bhí eagla — roimh an tarbh.
4. Chonaic Íde agus mise an madra. Bhí eagla — roimh an madra.

- (ii) **Foghlaim:**
- | | |
|------------|--------------|
| Tháinig mé | Thángamar |
| Tháinig tú | Tháinig sibh |
| Tháinig sé | Tháinig siad |
| Tháinig sí | |

Líon isteach na bearnaí:

Sampla: Bhí tuirse air agus tháinig sé abhaile.

1. Bhí tuirse orm agus — — abhaile.
2. Bhí sibh ar scoil inné. Cathain a — — isteach?
3. Bhí tuirse orainn agus — abhaile.